# Cat na Caillí

Séideán Sí



Siobhán Mhic Gearailt
Maria Murray a mhaisigh

# Cat na Caillí




Siobhán Mhic Gearailt
Maria Murray a mhaisigh

An Gúm
Baile Átha Cliath

‘Is fada liom go dtiocfaidh Oíche Shamhna,’ arsa Cat na Caillí. ‘Beidh píosa den bhairín breac agam.’

Chuala an Chailleach é.

‘Ní bheidh, muise,’ ar sise. ‘Bíonn tú i do shuí ansin cois na tine ó mhaidin go hoíche. Éirigh agus scuab an t-urlár dom.’




Éirigh agus scuab an t-urlár dom.

‘Is fada liom go dtiocfaidh Oíche Shamhna,’ arsa Cat na Caillí. ‘Beidh bia breá blasta as an gcorcán agam.’

Chuala an Chailleach é.

‘Ní bheidh, muise,’ ar sise. ‘Bíonn tú i do shuí ansin cois na tine ó mhaidin go hoíche. Éirigh agus nigh an spúnóg dom.’




Éirigh agus nigh an spúnóg dom.

‘Is fada liom go dtiocfaidh Oíche Shamhna,’ arsa Cat na Caillí. ‘Beidh deis agam eitilt ar scuab na caillí.’

Chuala an Chailleach é.

‘Ní bheidh, muise,’ ar sise. ‘Bíonn tú i do shuí ansin cois na tine ó mhaidin go hoíche. Éirigh agus glan an bord dom.’




Éirigh agus glan an bord dom.

Tháinig Oíche Shamhna. Bhí Cat na Caillí breá sásta leis féin. ‘Beidh píosa den bhairín breac agam,’ ar seisean. ‘Beidh bia breá blasta as an gcorcán agam. Agus ansin beidh deis agam eitilt ar scuab na Caillí.’





Chuala an Chailleach é.
'Ní bheidh, muise,' ar sise.
'Féadfaidh tú fanacht i do shuí
ansin cois na tine.'
Agus amach an doras léi.





An cat bocht! Ní mó ná sásta a bhí sé. Bhí Oíche Shamhna tagtha ach bhí sé féin, Cat na Caillí, fós ina shuí cois na tine.






Bhuail ocras é. Anonn leis go dtí an corcán agus sháigh sé an spúnóg isteach ann.






‘Tá sé seo an-bhlasta,’ arsa an cat. ‘Beidh spúnóg eile de agam.’ Bhí sé ag ithe agus ag ithe nó go raibh a bholg lán. Ansin shuigh sé cois na tine agus thit a chodladh air.





Tamall ina dhiaidh sin dhúisigh an cat. Bhuail ocras arís é. Anonn leis go dtí an corcán. Thosaigh sé ag ithe arís. Ansin shuigh sé cois na tine agus thit a chodladh air. Chaith Cat na Caillí an oíche ar fad ag ithe agus ag codladh.





Nuair a tháinig an Chailleach ar ais bhí ocras uirthi. Anonn léi go dtí an corcán.





Ní mó ná sásta a bhí an Chailleach. ‘Níl aon bhia fágtha,’ ar sise. ‘Cé a d’ith a raibh de bhia sa chorcán?’





Leis sin dhúisigh an cat.
'Mise a d'ith é,' ar seisean,
'agus is é a bhí
go breá blasta.'




Mise a d’ith é.


Is ansin a chonaic an Chailleach an cat. Baineadh geit aisti.

'An tusa atá ann?' ar sise.

'Is mé,' arsa Cat na Caillí.

'Ach tá tú chomh mór liom féin anois,' arsa an Chailleach.

'M'anam go bhfuil mé,' arsa an cat. 'Nár ith mé an bia ar fad a bhí sa chorcán. Caithfidh tú aire mhaith a thabhairt domsa as seo amach nó is tú féin a bheidh sa chorcán.'







An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Scileanna / Foras na Gaeilge, 2006

Athchló 2010, 2016

Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Maria Murray

PB Print a chlóbhuail in Éirinn

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Scileanna atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeltachta agus do na bunscoileanna lán-Ghaeilge.

*Foilseacháin an Ghúim a Cheannach*

Siopaí
*An Siopa Leabhar (01) 478 3814*
*An Siopa Gaeilge (074) 973 0500*
*An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811*

Ar líne
*www.litriocht.com*
*www.iesltd.ie*
*www.siopagaeilge.ie*
*www.cnagsiopa.com*
*www.siopa.ie*
*www.cic.ie*

**An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1**

*‘Is fada liom go dtiocfaidh Oíche Shamhna,’ arsa Cat na Caillí …*

An Gúm